Cúirt an Ṁeán Oíċe

Ba ġnáṫ mé ag ríúl le ciuṁais na haḃann
Ar ḃáinfeaċ úr is an drúċt go trom,
In aice na gcoillte, i gcoim an trlé',
Gan ṁairg, gan ṁoill, ar ḟoilre an lae.
Do ġealaḋ mo ċroí nuair ċínn Loċ Gréine,
An talaṁ, an tír, is íor na fréire;
Taitneaṁaċ aoiḃinn ruíoṁ na fléiḃte
Ag bagairt a gcinn ċar ḋroim a ċéile.
Do ġealfaḋ an croí ḃeaḋ críon le cianta,
Caite gan ḃrí, nó líonta de ṗianta,
An réiċleaċ fearḃ gan fealḃ gan faiḃreaf
D'ḟéaċfaḋ tamall ċar ḃarra na gcoillte
Ar laċain 'na fcuainte ar ċuan gan ċeo
'S an eala ar a ḃfuaid 's í ag gluaiseaċt leo;
Na héirc le meiḋir ag éirí in airde,
Péirre im raḋarc go taiḃreaċ tarraḃreac,
Daċ an loċa agus gorm na dtonn
Ag teaċt go tolgaċ torannaċ trom.
Ḃíoḋ éanlaiṫ i gcrainn go meiḋreaċ móṁar
Is léimneaċ eilte i gcoillte im ċóngar,
Géimreaċ aḋairce is raḋarc ar ṁlóite,
Tréanriṫ gaḋar is Reynard rómpu.
Tréanriṫ gaḋar is Reynard rómpu.